



Northern Ireland
Assembly

Bunscolaíocht

Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte

Réimsí Foghlama:

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint
Na hEalaíona

Cuspóirí Foghlama

Tá muid ag foghlaim faoi:

1. úsáid a bhaint as ár samhlaíochta agus a bheith ag obair le chéile le carachtar a dhearadh;
2. taighde a dhéanamh ar an méid a tharlaíonn sna láithreacha éagsúla i bhFoirgnimh na Parlaiminte; agus
3. cur i láthair a chruthú a léireoidh an t-eolas atá againn ar Fhoirgnimh na Parlaiminte.

Riachtanais Reachtúla

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga seo, cuirfidh sé leis na riachtanais reachtúla a leanas:

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

Snáithe a Dó: Comhthuiscint sa Phobal Áitiúil agus sa Mhórphobal

Ról gníomhach bríoch a ghlacadh i saol an phobail agus suim a chur sa mhórthimpeallacht.

Téama 9*: Foghlaim bheith i do bhall de phobal

- bheith eolach ar an tábhacht atá le cinnteoireacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht, agus ar na hinstiúidí a thacaíonn leo ar bhonn áitiúil; agus
- bheith eolach ar réimse na bpost agus na hoibre a dhéanann daoine éagsúla.

* Is féidir [Personal Development and Mutual Understanding Progression Grid](#) (Eochairchéim) 2 a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.





Na hEalaíona – Ealaín agus Dearadh


Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

- Réimse de mheáin, d'ábhair, d'uirlisí agus de phróisis a thriail, amhail: líníocht, péinteáil, déanamh priontaí, ábhair shomhúnlaithé, teicstílí agus tógáil thríthoiseach, na cinn is oiriúnaí a roghnú le smaointe agus spriocanna pearsanta a réadú.

Na hEalaíona – Drámaíocht

Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

- tuiscint ar an domhan a fhorbairt trí dhul i ngleic le réimse suíomh rólghlactha atá cruthaitheach samhlaíoch; agus
- scileanna drámaíochta a fhorbairt a fhóireann don lucht féachana, don chomhthéacs, don sprioc agus don tasc trí ghuth a fhiosrú.





Scileanna Traschuraclaim & Scileanna Smaointeoireachta & Ábaltachtaí Pearsanta

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga, beidh an deis ann na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

Bheith Cruthaitheach	<p>Trí charachtar a chumadh lena fhiosrú cad é a tharlaíonn ag Foirgnimh na Parlaiminte, beidh deis ag na páistí a gcuid scileanna a fhorbairt sna rudaí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none">• triail a bhaint as ceistanna agus smaointe ar dhóigh spráúil;• smaointe a dhéanamh fíor trí thriail a bhaint as dearaí, gníomhartha agus torthaí difriúla;• luach a thabhairt do smaointe daoine eile lena gcuid smaointeoireachta féin a spreagadh.
Bainistiú Eolais	<p>Bainfidh páistí úsáid as an Gníomhaíocht Ar Líne leis an méid a tharlaíonn ag Foirgnimh na Parlaiminte a thaighde agus cinnfidh siad ar an dóigh leis an eolas sin a roghnú agus a chur i láthair go hilmheánach. Ar an dóigh sin beidh páistí in ann:</p> <ul style="list-style-type: none">• Eolas a rangú, a chur i gcomparáid agus a mheasúnú agus na modhanna is fóirsteanaí a roghnú le haghaidh taisc.
Úsáid TFC	<p>Baileoidh páistí faisnéis sa Gníomhaíocht Ar Líne agus déanfaidh siad í a léirmhíniú i gcur i láthair ilmheán sa Gníomhaíocht Eile. Ar an dóigh sin beidh deis ag páistí:</p> <ul style="list-style-type: none">• faisnéis ó shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann a thaighde, a roghnú agus a léirtheicint, go háirithe sa ghníomhaíocht Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte; agus• faisnéis a bhainistiú, a léirtheicint agus a chur in iúl agus réimse teicnící ilmheán in úsáid acu.





Achoimre

Is turas idirghníomhach é Taobh Isthig d'Fhoirgnimh na Parlaiminte ina bhfuil eolas faoin méid a tharlaíonn sna trí phríomhláthair i bhFoirgnimh na Parlaiminte mar aon le grianghraif.

Sa Ghníomhaíocht Tosaigh iarrtar ar na páistí eachtrán a dhearadh. Beidh obair ghrúpa agus an greannán Treoir ó Mhars ar an Tionól ina spreagadh don ghníomhaíocht seo. Tá an greannán ar fáil sa rannán **Bunscolaíocht** ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann.

Sa Ghníomhaíocht Eile, bainfidh na páistí úsáid as faisnéis ón Ghníomhaíocht Ar Líne le cur i láthair ilmheán a chruthú faoin méid a tharlaíonn ag Foirgnimh na Parlaiminte.

Gníomhaíocht Tosaigh

Tá Eachtrán I nDiaidh Tuirlingt!

Bain úsáid as an ghníomhaíocht Scannáin Intinne atá ar leathanach 50 den leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2*. Iarr ar na páistí a súile a dhruidim agus a ligean orthu go bhfuil an oíche ann. Léigh amach na cnámha scéil seo a leanas dóibh:

Samhlaigh go bhfuil tú ag amharc suas ar spéir réaltógach. Tugann tú faoi deara go bhfuil ceann amháin de na réaltaí ag bogadh. Tá sé ag éirí níos mó agus níos gile, níos cóngaraí agus níos cóngaraí. Níl tú cinnte ar chor ar bith an bhfuil sí ag dul a stopadh. Tagann solas geal dalltach os do chinn. Go tobann, buaileann an réalta an talamh de phlab! Éiríonn gach rud dorcha.

Ritheann tú a fhad leis an áit ar tharla an phléasc. Tá siosarnach ann agus tá toit á séideadh amach as an spáslong a thit go talamh. Siúlann tú ina treo go cúramach. Go díreach agus tú ag teacht cóngarach di, tá gliogar le cluinstitín ón doras. Osclaítear an doras agus tagann eachtrán amach faoi spéir na hoíche!

Iarr ar na páistí an chuma atá ar an eachtrán a shamhlú. Iarr orthu smaoineamh faoi dhath agus faoi chruth an eachtráin. Cén sórt éadaigh atá ar an eachtrán? Cé na gnéithe neamhchoitianta atá air? Mar shampla, an bhfuil aintéiní air, nó an bhfuil trí shúil aige? An bhfuil an t-eachtrán cairdiúil? Cad é mar a labhraíonn an t-eachtrán?

I ndiaidh do na páistí am a chaitheamh ag samhlú an eachtráin, iarr orthu a súile a oscailt agus sceitse gasta agus roinnt nótaí a dhéanamh faoin chuma atá ar an eachtrán.

Measc suas é!

Le tuilleadh smaointe agus plé a spreagadh, déan leathanach a fhilleadh ina thrí mhír. Agus iad ag obair i ngrúpaí de thriúr, beidh gach páiste freagrach as ceann, corp nó cosa an eachtráin a sceitseáil ar mhír amháin den leathanach. Nuair a bheidh a gcuid féin den eachtrán críochnaithe ag an pháiste, iarr orthu a mír féin a fhilleadh leis an rud a tharraing siad a chur i bhfolach. Lena thaispeáint do na chéad daoine eile an áit lena gcuid féin den eachtrán a thosú, marcáil dhá líne ar an chéad chuid eile den leathanach. Nuair a bheidh a chuid féin déanta ag gach duine, oscail an leathanach a amach leis an eachtrán a chruthaigh an grúpa le chéile a nochtadh. Iarr ar na páistí labhairt faoi na tréithe a thug siad dá gcuid féin den eachtrán. An bhfuil na leaganacha éagsúla ag teacht lena chéile? An gcruthaíonn siad carachtar atá suimiúil nó neamhghnách?

* Is féidir an leabhrán [Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2](#) a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.





Anois, iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar charachtar an eachtráin a sceitseáil siad i ndiaidh dóibh an ghníomhaíocht Scannáin Intinne a dhéanamh. An léiríonn na tréithe atá tarraingthe acu pearsantacht an eachtráin? Mar shampla, b'fhéidir gur tharraing siad eachtrán scanrúil a raibh fiacla móra agus slat zaipeála aige, nó b'fhéidir gur tharraing siad eachtrán cairdiúil a raibh cuachóga ina chuid gruaige. Iarr ar na páistí smaointe úra ar bith a chur lena sceitse le tuilleadh a thaispeáint dúinn faoi charachtar an eachtráin.

Ansin, iarr ar na páistí smaoinemh ar an fháth ar thuirling an t-eachtrán ar an domhan. Cad é misean an eachtráin? D'fhéadfadh an rang fáthanna mar seo a phlé:

- seilbh a ghlacadh ar an domhan;
- cuairt chairdiúil a thabhairt;
- léarscáil a dhéanamh den chruinne; nó
- a fháil amach faoin dóigh a bhfeidhmíonn rialtas domhanda.

Amharc ar an ghreannán Treoir ó Mhars ar an Tionól sa rannán **Bunscolaíocht** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#). Léigh an litir ar an chlúdach leis an rang. Ba mhaith leis na heachtráin sa scéal a fháil amach faoin rialtas ionas go mbeidh siad in ann seilbh a ghlacadh ar an domhan. Leis sin a dhéanamh, tá siad ag ullmhú treorach ar an domhan don fhoireann ionraidh.

Is féidir amharc ar na híomhánna agus ar na scéalta sa ghreannán le spreagadh a fháil. Anois, iarr ar na páistí leagan deiridh a tharraingt agus a dhathú den eachtrán a sceitseáil siad. B'fhéidir gur mhaith leo moltaí ón obair a rinne siad i ngrúpaí, ón ghreannán nó smaointe eile a tháinig chucu idir an dá linn a chur isteach.

Réimse Foghlama Ghaolmhar

Réimse Foghlama eile is féidir a fhiosrú sa ghníomhaíocht seo ná:

An Domhan Thart Orainn – Sraith 3: Áit

Mar shampla:

- An áit s'againne sa chruinne – forbairt an spástaistil.
- Athruithe thar thréimhse ama in áiteanna – na hathruithe a tháinig ar chuma agus ar fheidhm Fhoirgnimh na Parlaiminte le linn an Dara Cogadh Domhanda a fhiosrú:
 - Is féidir grianghraif a íoslódáil ó shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#) ach nascleanúint a dhéanamh go dtí **Múinteoirí > Bunscolaíocht > Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte**.
 - Is féidir amlíne Éabhlóid na Déabhlóide a úsáid leis na blianta seo a fhiosrú ar an chlár bhán agus eolas a fháil ar na hathruithe ar Fhoirgnimh na Parlaiminte le linn an Dara Cogadh Domhanda. Tá an ghníomhaíocht seo le fáil ar shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#) ach nascleanúint a dhéanamh go dtí **Bunscolaíocht > Scéal an Tionóil**.





Gníomhaíocht ar Líne

Tugaigí chuig bhur gceannaire mé!

Iarr ar na páistí cuid de na heachtráin atá cruthaithe acu a thaispeáint. Cuir i gcuimhne dóibh faoin litir sa ghreannán. Ba mhaith leis na heachtráin turas thart ar Fhoirgnimh na Parlaiminte a chur isteach sa 'Treoir ar an Domhan'. Ba mhaith leo a thaispeáint an méid a tharlaíonn i dtrí láthair san fhoirgneamh – Seomra an Tionóil, an Halla Mór agus Seomra an tSeanaid.

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a chruthú treoirleabhair d'eachtráin ar Fhoirgnimh na Parlaiminte agus ilmheáin in úsáid acu. Leis an eolas atá de dhíth orthu a fháil, thig leo an ghníomhaíocht Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte sa rannán Bunscolaíocht de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#) a úsáid:

Is féidir an cnaipe 'Lánscaileán' a úsáid leis an ghníomhaíocht a fheiceáil i modh scáileán iomlán ar an chlár bhán. Le Taobh Istigh de na Foirgnimh Parlaiminte a fhiosrú, brúigh ar:

- an cnaipe 'Tosaigh': leis na trí phríomhréimse gnó a fheiceáil;
- an deilbhín dathchódaithe d'Fhoirgnimh na Parlaiminte: le nascleanúint a dhéanamh agus le hamharc ar gach seomra;
- na bolgáin i ngach seomra: le mionsonraí a fháil ar na rudaí a ndíríonn siad orthu; agus
- an táb ag bun an scáileáin: le heolas ar 'Cad é a Tharlaíonn Anseo?' a fháil.

Iarr ar na páistí na seomraí éagsúla i bhFoirgnimh na Parlaiminte a fhiosrú. Caithfidh siad cinneadh ar an dóigh a dtaispeánfaidh siad gach seomra ina gcur i láthair ilmheán, seat scáileáin nó grianghraf, mar shampla. Ba cheart dóibh eolas a scríobh síos a thiocfadh leo a úsáid ina gcur i láthair. Tá an t-eolas le fáil ach an táb Cad é a Tharlaíonn Anseo? nó na bolgáin a bhrú.

Gníomhaíocht Bhainteach

Tá áiseanna ilmheán eile is féidir a fhiosrú sa ghníomhaíocht seo ar shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#):

An Dóigh a nDéantar Dlí

Amharc ar Charlie Bot agus Zoe Bot lena fháil amach cad é mar a dhéantar dlí ag Tionól Thuaisceart Éireann. Amharc ar phíosa scannáin de Sheomra an Tionóil nuair atá gnó ar siúl.





Gníomhaíocht Eile

Iarr ar na páistí aiseolas a thabhairt ar an fhaisnéis a bhailigh siad le linn na Gníomhaíochta Ar Líne. Bainfidh na páistí úsáid as a dtaighde le cur i láthair ilmheán a chruthú faoin méid a tharlaíonn ag Foirgnimh na Parlaiminte. Thioctadh leo ligean orthu féin gur eachtráin iad atá ag fillleadh ar Mhars leis an fhaisnéis seo a chur i láthair dá gComh-Mharsaigh. Is é an aidhm atá acu an Fórsa Ionraidh a chur ar an eolas faoin dóigh a bhfeidhmíonn rialtas domhanda i dTuaisceart Éireann ionas go dtig le ionradh a dhéanamh agus dul i gceannas ar an áit!

Ba cheart na rudaí seo a bheith ina dtreoir:

- ainmneacha na dtrí phríomhláthair i bhFoirgnimh na Parlaiminte;
- achoimre ar a tharlaíonn i ngach láthair; agus
- samplaí de ghnéithe ó gach seomra; mar shampla, na daoine atá ag obair ann, an obair a dhéanann siad agus rudaí eile a bheadh úsáideach do na heachtráin nó a gcuirfeadh siad spéis iontu.

Ba cheart do na páistí pacáiste ilmheán a úsáid lena dtreoir a chruthú. I measc na bpacáistí atá oiriúnach tá PowerPoint, PhotoStory, Movie Maker agus Comic Life. Is féidir grianghraif de na seomraí i bhFoirgnimh na Parlaiminte a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann ach nascleanúint a dhéanamh go dtí **Múinteoirí > Bunscolaíocht > Taobh Istigh d’Fhoirgnimh na Parlaiminte**.

Ba cheart a oiread meáin éagsúla agus is féidir a úsáid sa treoir. B’fhéidir gur mhaith leis na páistí smaoineamh ar a leithéidí seo a chur isteach:

- scanachán nó grianghraf dá n-eachtráin ón Gníomhaíocht Tosaigh;
- comhrá scríofa i mbolgáin chainte;
- guthú de na heachtráin ag comhrá;
- éifeachtaí fuaime spáis;
- sleamhnáin eolais bunaithe ar a dtaighde le linn na Gníomhaíochta Ar Líne;
- hipearnasc chuig suíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann ag: <http://education.niassembly.gov.uk>
- trasdul beoite idir scáileáin; agus
- ceol, más fóirsteanach.

Má thug an rang cuairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte, thioctadh leo a gcuid grianghraf nó gearrthóg físe féin ón turas a chur isteach fosta.

Nuair a bheidh siad réidh, iarr ar na páistí a dtreoir ar na rudaí a tharlaíonn ag Foirgnimh na Parlaiminte a chur i láthair Fhoireann an Fhórsa Ionraidh, i.e. an rang. Mar mhalairt air sin, d’fhéadfaí taispeántas a chur ar bun agus déanfaidh na páistí sealaíocht ar a chéile ag dul thart a amharc ar gach cur i láthair a cruthaíodh nó a bheith freagrach as a gcur i láthair féin a thaispeáint do na daoine atá ag dul thart.

Le dul siar leis an rang, déan achoimre ar a bhfuil ar eolas acu faoi na rudaí a tharlaíonn i bhFoirgnimh na Parlaiminte.

